Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6750/21**
**ADD 3**

**SOC 119**
**EMPL 82**
**GENDER 13**
**ANTIDISCRIM 7**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 42 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena neartaítear cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná trí bhíthin trédhearcacht pá agus sásraí forfheidhmithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 42 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 42 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2021
SWD(2021) 42 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena neartaítear cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná trí bhíthin trédhearcacht pá agus sásraí forfheidhmithe**

{COM(2021) 93 final} - {SEC(2021) 101 final} - {SWD(2021) 41 final}

GA GA

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
| --- |
| **Measúnú tionchair le haghaidh togra maidir leis an bprionsabal um pá comhionann idir fir agus mná a neartú tríd an trédhearcacht** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Is dúshlán mór san Aontas é fós an ceart bunúsach a chur i bhfeidhm go héifeachtach, an **ceart bunúsach chun pá comhionann** do mhná agus d'fir i gcomhair obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach, mar a chumhdaítear in Airteagal 157 CFAE. Níl **san idirdhealú pá aonair agus claontacht shistéamach sna struchtúir phá** ach ceann amháin de na bunchúiseanna atá leis an mbearna phá idir na hinscní cé is moite de chúiseanna eile amhail idirdheighilt chothrománach agus ingearach. Ardaíonn an bhearna phá idir na hinscní go 14 % san Aontas Eorpach agus fanann sí cothrom le 14 % ar an iomlán. Is fadhb é sin ar leibhéal na n-oibrithe agus na bhfostóirí araon.<br><br>Mura gcuirtear an ceart bunúsach sin chun feidhme, beidh tionchar aige sin ar neamhspleáchas eacnamaíoch na mban le linn a saoil ghairmiúil ach ina dhiaidh sin. Is fadhb é sin i ndáil le hoibriú éifeachtúil an mhargaidh saothair agus iomaíochas sa mhargadh inmheánach. Más rud é go mbeifí ag súil le tuilleamh ionchasach, chuirfí sin isteach ar mhná ag roghnú post, ar chinntí maidir leis an am a oibrítear agus patrúin gairme, agus dá bhrí sin, cruthaíonn sé riosca soiléir maidir le caillteanas táirgiúlachta mar gheall ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair nach é an cás is fearr é. I gcás fostóirí, ciallaíonn úsáid neamhéifeachtúil acmhainní caillteanas táirgiúlachta agus costais fholaithe. Ar deireadh, maidir le héagsúlachtaí sa chaoi a gcaitear le mná agus fir maidir le pá, d'fhéadfadh sin tionchar a imirt freisin ar iomaíochas na bhfostóirí sa mhéid is gur féidir leis na fostóirí sin buntáiste éagórach (agus neamhdhleathach) a bheith acu, fostóirí nach bhfuil ag comhlíonadh phrionsabal an phá chomhionainn, agus rialacha éagsúla á gcur i bhfeidhm acu ar fud na dtíortha.<br><br>D'fhéadfadh idirdhealú pá aonair agus claontacht inscne sna sásraí socraithe- pá teachta chun cinn chomh maith leis an dóigh a ndéanfar obair na mban luacháil mar gheall ar an mhéid seo a leanas:<br><br>— easpa trédhearcachta pá ar leibhéal an oibrí aonair agus ar leibhéal an fhostóra;<br><br>— cur i bhfeidhm easnamhach na gcoincheap 'pá' agus 'obair ar luach comhionann'; agus<br><br>— rochtain neamhleor ar an gceartas mar gheall ar chonstaicí nós imeachta agus leigheasanna neamhleora le haghaidh íospartach.<br><br>Mar gheall ar an easpa trédhearcachta pá, cuirtear cosc ar oibrithe measúnú a dhéanamh ar cé acu atáthar ag seasamh leo nó nach bhfuil a gceart chun cóir chomhionann i dtaca le pá; dá dheasca sin, cuirtear tearcluacháil obair na mban i bhfolach freisin mar gheall ar chlaontacht (go minic neamhchomhfhiosach) i struchtúir phá. Mar gheall ar na fadhbanna a bhaineann le cur i bhfeidhm cuí maidir leis na príomhchoincheapa i ndáil le pá comhionann a mheasúnú le haghaidh obair chomhionann nó 'obair ar luach comhionann', is casta d'oibrithe agus d'fhostóirí araon an ceart a chur chun feidhme chun pá comhionann a fháil. Fágann rochtain neamhleor ar cheartas, mar aon leis an eagla atá ar oibrithe roimh íospairt, go bhfuil sé níos deacra fós a gceart chun pá comhionann a fhorfheidhmiú. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é an cuspóir ginearálta atá ann feabhas a chur ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú phrionsabal an phá chomhionainn le haghaidh obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná, prionsabal a rialaítear le hAirteagal 157 CFAE agus le Treoir 2006/54/CE. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an tionscnaimh:<br><br>**cumhacht a thabhairt d'oibrithe a gceart chun pá chomhionainn a chur i bhfeidhm go hiomlán** — aon chás a bhaineann le hidirdhealú pá a thabhairt chun solais trí thrédhearcacht agus tríd an bhfaisnéis agus na huirlisí is gá a thabhairt d'oibrithe chun gníomhú ina leith; agus<br><br>**Aghaidh a thabhairt ar thearcluacháil shistéamach ar obair na mban ar leibhéal an fhostóra** tríd an trédhearcacht agus trí chlaontacht a cheartú sna sásraí socraithe pá lena mbuanaítear tearcluacháil obair na mban.<br><br>D'fhéadfaí tacú leis an dá chuspóir sin trí aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhfuil tionchar acu ar |

na príomhchoincheapa dlíthiúla a chur i bhfeidhm maidir le pá comhionann agus leis an rochtain ar an gceartas.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

D'áiritheofaí le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais comhionannas pá éifeachtach idir fir agus mná agus a chur ar chumas do gach saoránach a gcearta a éileamh de réir na n-íoschaighdeán is infheidhme i ngach Ballstát. Ní hamháin go gcruthódh sí íoschaighdeáin chomhchuibhithe chun oibrithe a chosaint, ach chruthódh sé coinníollacha cothroma margaidh d'fhostóirí atá ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach, rud a chuireann cosc ar an iomaíocht éagórach. Is le cur chuige comhtháite agus cuimsitheach Aontais amháin is féidir cothroime iomaíochta a áirithiú do na Ballstáit uile agus cosc a chur ar fhostóirí buntáistí iomaíochta éagóracha a bhaint as idirdhealú pá. Ar deireadh, tá gá le gníomhaíocht an Aontais de réir an Chonartha agus seasfaidh sí le prionsabal bunúsach agus ceart bunúsach chun cóir chomhionann a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Mar a léiríodh sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún in 2020 ar fhorálacha dlíthiúla ábhartha an Aontais maidir le pá comhionann, ní dócha go gcuirfear iarrachtaí inchomparáide an comhionannas pá chun cinn ar fud an Aontais ar leibhéal inchomparáide gan brú ó -ionstraim ar leibhéal an AE.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?**

Rinneadh na roghanna seo a leanas a bhreithniú:

**rogha 0** — *status-quo*;

**rogha 1 –** beart reachtach chun an trédhearcacht a áirithiú ar leibhéal na n-oibrithe. Áirítear leis sin trédhearcacht faisnéise faoi thuarastal roimh an bhfostaíocht agus lena linn, ar bhonn na nithe seo a leanas:

soláthar réamhghníomhach faisnéise ag fostóirí (fo-rogha 1A); nó
iarraidh ó oibrithe, óna n-ionadaithe nó ó chomhlachtaí comhionannais (fo-rogha 1B);

**rogha 2** — beart reachtach chun trédhearcacht a chruthú ar leibhéal an fhostóra. Tá ceithre fo-rogha ann a bhfuil leibhéal éagsúil uaillmhéine ag baint leo.

<u>fo-rogha 2A</u> — deimhniú ar phá comhionann;

<u>fo-rogha 2B</u> — cómheasúnú pá arna dhéanamh ag fostóirí agus ag ionadaithe na n-oibrithe;

<u>fo-rogha 2C</u> – tuairisciú pá mar aon le cómheasúnú pá; agus

<u>fo-rogha 2D</u> – tuairisciú pá agus cómheasúnú pá á neartú i gcás táscairí neamhionannas pá inscne atá ábhartha ó thaobh staidrimh de. agus

**rogha 3** — gníomhaíocht reachtach chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú an chreata dhlíthiúil atá ann cheana a éascú (gan trédhearcacht pá). Áirítear leis sin soiléiriú na bpríomhchoincheapa atá ann cheana maidir le 'pá' agus 'obair ar luach comhionann', rochtain níos fearr ar an gceartas agus sásraí forfheidhmiúcháin feabhsaithe.

Is é an pacáiste rogha tosaíochta teaglaim de ***fo-rogha 1B*** – lena gcumhachtaítear oibrithe trí fhaisnéis faoin tuarastal a fháil roimh a bhfostú agus ceart chun faisnéis a iarraidh le linn a bhfostaithe, ***Fo-rogha 2D*** - tuairisciú pá á neartú agus, i gcás táscairí neamhionannas pá inscne atá ábhartha ó thaobh staidrimh de, cómheasúnú pá agus ***fo-rogha 3*** i dtionscnamh nua aonair. Is é seo an réiteach is comhréirí agus is spriocdhírithe: Baintear amach na cuspóirí foriomlána agus sonracha agus cothromaíocht idir éifeachtacht agus éifeachtúlacht a urramú agus an easpa sonraí crua maidir le méid na faidhbe agus an cor chun donais eacnamaíoch atá ann faoi láthair mar thoradh ar phaindéim COVID-19 á gcur san áireamh.

Is é is aidhm do na bearta reachtacha atá beartaithe trédhearcacht a chruthú maidir le pá agus struchtúir phá, oibrithe a chumhachtú agus aghaidh a thabhairt ar thearcluacháil shistéamach obair na mban. Áiritheofar ceart na n-oibrithe chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a theastaíonn d'fhonn a mheas an bhfuiltear ag déanamh idirdhealú pá ar bhonn inscne orthu nó nach bhfuil. Cuirfear ar chumas d'fhostóirí freisin idirdhealú agus claontacht sna struchtúir phá a bhrath agus gníomhú ina leith. Is é atá i gceist leis an rogha reachtach díolúintí chun cothromaíocht a bhaint amach idir an ceart maidir le pá comhionann agus an t-ualach agus an costas a d'fhéadfadh a bheith ar na bearta éagsúla agus spriocdhíriú ar na bearta sna cásanna sin is mó a bhfuil gá leo. Ní bheadh sé d'oibleagáid ar fhostóirí go réamhghníomhach a bhfuil níos lú ná 250 fostaí acu faisnéis thréimhsiúil maidir le pá d'oibrithe a chur ar fáil ná tuairisciú ar phá; ná cómheasúnuithe pá a dhéanamh ach an oiread. In eintitis den sórt sin, bheadh cearta oibrithe faoi chosaint ag an gceart chun an fhaisnéis ábhartha maidir le pá a iarraidh, mar aon le freaschur neartaithe ar an dualgas cruthúnais agus rochtain níos fearr ar an gceartas. Is é atá i gceist leis an bpacáiste freisin na príomhchoincheapa a bhaineann le pá comhionann a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na tuairimí is rogha leo**

Rinneadh comhairliúcháin fhorleathana leis na páirtithe leasmhara don mheasúnú tionchair seo agus don mheastóireacht roimhe sin ar chreat dlíthiúil an Aontais maidir le pá comhionann.

Thacaigh **daoine aonair** leis an gcomhairliúchán ar an iomlán. Tá sé sin ag teacht le léirithe ó shuirbhéanna tuairime, e.g. Eorabharaiméadar a rinneadh in 2017.

B'fhearr le formhór **na bhfostóirí** tús áite a thabhairt do bearta maidir le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna eile atá leis an mbearna phá idir na hinscní. Measann siad nach bhfuil an tionscnamh seo chomh héifeachtach céanna chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú agus, dá bhrí sin, tá siad costasach gan ghá, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Leag siad béim ar na deacrachtaí a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar cad is obair ann a bhfuil luach comhionann ag baint léi agus chuir siad a-ábhar imní in iúl faoi chosaint sonraí. Thagair siad freisin do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus don ghá atá ann leis na huirlisí atá ann cheana le haghaidh tuairisciú ar an leibhéal náisiúnta a chaomhnú.

Tacaíonn **na ceardchumainn** tríd is tríd leis an tionscnamh agus tacaíonn siad le cineálacha cur chuige níos uaillmhianaí fós, cé go bhfuil amhras ann faoi sin ar fhorais choimhdeachta.

Tá seasaimh éagsúla ag **na Ballstáit**, ach tá a bhformhór i bhfabhar leis (go háirithe iad siúd a bhfuil bearta trédhearcachta tugtha isteach acu cheana féin).

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Cé is moite den phríomhchuspóir atá ag an rogha tosaíochta ceart bunúsach a fhorfheidhmiú, éascófar athrú mór cultúrtha ar shaincheisteanna comhionannais inscne mar gheall ar bheartais trédhearcachta pá agus cuirfear gníomhaíochtaí beartais i gcrích atá dírithe agus spriocdhírithe ar bhonn níos fearr sa réimse seo mar thoradh orthu. *I gcás oibrithe*, cuireann trédhearcacht pá feabhas ar shásamh post agus ar rannpháirtíocht oibrithe. Ardaíonn sé feasacht agus tugtar cumhacht d'oibrithe, go háirithe do mhná, leigheas a lorg le haghaidh difríochtaí pá gan údar ar leibhéal an duine aonair agus claontacht ar bhonn inscne sna socruithe pá agus sa mheastóireacht ar phoist. *I gcás na bhfostóirí*, is ionann é sin agus níos mó fostaithe a choinneáil, mealltacht agus brabúsacht mhéadaithe ach trédhearcacht pá a chur chun feidhme. Bainfidh *an tsochaí ina hiomláine* tairbhe as leibhéal níos airde comhionannais agus (rud atá tábhachtach freisin) dearcadh is airde i leith an chomhionannais. Déantar acmhainní a leithdháileadh agus a úsáid níos fearr de bharr níos mó comhionannais i dtaca le pá, laghdaítear an neamhionannas agus cuireann sé sin leis an bhforbairt inbhuanaithe. Ar an iomlán, is féidir athrú suntasach iompraíochta teacht chun cinn mar gheall ar bhearta trédhearcachta pá. Beidh scála na sochar ag brath ar an leibhéal comhlíontachta leis an reachtaíocht agus ar a mhéid a chuirfidh fostóirí bhearta leantacha i bhfeidhm.

Rinneadh meastachán hipitéiseach ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag baint le laghdú foriomlán **3 bpointe céatadáin sa chuid neamhmhínithe den bhearna phá idir na hinscní mar thoradh ar an bpacáiste beart**. Mar thoradh air sin, thiocfadh laghdú **ar ráta oibrithe i mbaol bochtaineachta**

san Aontas ón gcéad 16.3 % ar an meán go dtí tuairim is 14.6 %, le hinathraitheacht shuntasach i dtíortha éagsúla agus de réir cineálacha teaghlaigh. Dá réir sin, thiocfadh méadú foriomlán 6.9 % ar an tuilleamh iomlán agus laghdú foriomlán ar neamhionannas ioncaim indiúscartha agus margaidh araon. Laghdaítear ráta na bochtaineachta den chuid is mó **i gcás teaghlaigh aontuismitheora, ar mná iad 85 % de.** Tá **tionchair dhearfacha freisin ar bhuiséid náisiúnta**: thiocfadh ardú faoi 7.5 % ar ioncam an rialtais ó chánacha díreacha agus ó ranníocaíochtaí sóisialta, agus thiocfadh laghdú thart ar 0.4 % ar aistrithe sóisialta (sochair airgid) agus é mar thoradh ar laghdú ar shochair tástála acmhainne den chuid is mó.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Táthar ag súil go mbeidh teorainn le costais **riaracháin** na mBallstát (a bhaineann **le trasuí agus forfheidhmiú**), mar aon leis na costais a bhaineann le faireachán comhlíontachta.

Bheadh costais **chomhlíontachta** aonuaire i gceist leis an bpacáiste le haghaidh fostóirí (a mheastar a bheidh ó chostais ísle go costais mheasartha) agus costais athfhillteacha níos ísle. Rinneadh meastachán ar na costais iomlána le haghaidh gach fostóra ar an mbonn seo a leanas:

- faisnéis faoi phá a chur ar fáil roimh an bhfostaíocht – € 0;
- freagra a thabhairt ar iarraidh ó dhuine aonair ar fhaisnéis faoi phá – € 20 (praghas táscach – do gach méid cuideachtaí);
- tuairisciú éigeantach ar mheándifríochtaí pá inscne de réir catagóir oibrithe – € 379-508 go € 721-890 (do chuideachtaí a bhfuil 250+ fostaí acu); agus
- measúnú breise a dhéanamh (más gá – i gcás cuideachtaí a bhfuil 250+ fostaí acu, ina mbraitear sa tuairisciú pá bearna phá atá suntasach ó thaobh staidrimh de) – €1 180-1 724 go €1 911-2 266 in aghaidh an fhostóra (meastar go dtiocfaidh laghdú ar aon bheart eile ina dhiaidh sin).

Bheadh **costas iomlán ar an Aontas** cothrom le € 26-50 milliún le haghaidh tuairisciú pá mar aon le haon chostas breise a thiocfadh as cómheasúnú pá a d'fhéadfadh a bheith ann agus iarrataí ar fhaisnéis faoi phá, ag brath ar an scála idirdhealaithe pá araon.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Fostóirí a bhfuil níos lú ná 250 fostaí acu, díolmhaítear iad ó fhaisnéis a sholáthar go réamhghníomhach d'oibrithe maidir le pá, chun bearnaí pá a thuairisciú agus chun cómheasúnú pá coinníollach a dhéanamh. Bhainfeadh na bearta maidir le tuairisciú agus measúnú pá le 0.2 % do chuideachtaí an Aontais (lena gcumhdaítear 33 % de lucht saothair an Aontais). Mar sin féin, bheadh sé de cheart ag gach oibrí faisnéis shonrach maidir le pá a iarraidh agus bheadh sé d'oibleagáid ar gach fostóir í a chur ar fáil.

Baineann an tionscnamh seo go príomha le ceart bunúsach de chuid an Aontais (an ceart chun pá comhionann) a chur chun feidhme. In éineacht le cuspóirí sóisialta an AE, tá tosaíocht ag spriocanna den sórt sin ar ghné eacnamaíoch an chirt ar phá comhionann[1]. Is le cur chuige comhtháite agus cuimsitheach Aontais amháin is féidir cothroime iomaíochta a áirithiú do na Ballstáit uile agus cosc a chur ar fhostóirí buntáistí iomaíochta éagóracha a bhaint as idirdhealú pá.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Táthar ag súil leis go mbeidh costais chur chun feidhme teoranta ag an rogha thosaíochta ar an iomlán agus go háirithe i gcás na gcóras riaracháin náisiúnta. D'fhéadfadh na costais athrú, ag brath ar an tacaíocht a roghnaíonn na Ballstáit a chur ar fáil, ar bhonn deonach, le haghaidh fostóirí (e.g. bonneagair ríomhaireachta thiomnaithe, tuairisciú atá bunaithe ar shonraí riaracháin a chur in ionad tuairisciú pá, treoraíocht agus oiliúint maidir le córais meastóireachta inscne-neodracha post agus aicmiúcháin).

Ag an am céanna, táthar ag súil le tionchair dhearfacha cé nach féidir meastachán foriomlán iontaofa a chur ar fáil. Mar gheall ar phá níos airde do mhná (rud a bheadh ag brath ar mhéid an idirdhealaithe i

[1] Cás 50/96, *Deutsche Telekom AG* v *Lilli Schröder*, ECLI:EU:C:2000:72, lch. 57.

leith an phá a cheartaítear de bharr an togra seo) d’fhéadfadh méadú teacht ar ioncam an rialtais (bailiú níos airde cánacha ioncaim agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta). Ar an taobh eile, d’fhéadfaí gnóthachain i meánphá do mhná a chúiteamh le fás níos moille ar thuarastail na bhfear le héifeacht fhoriomlán neamhchinntithe. A mhéid a bhainfeadh na hathruithe sin níos mó le hoibrithe ar phá íseal, d’fhéadfadh laghdú ar aistrithe sóisialta (airgead tirim) a bheith ann freisin, arb é is príomhchúis leis laghdú ar shochair airgid de réir tástáil acmhainne (féach an roinn thuas maidir le sochair).

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Níor braitheadh **aon tionchar a d’fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol**.

**Comhréireacht?**

Urramaítear prionsabal na comhréireachta go hiomlán, ós rud é go bhfuil raon feidhme na mbeart ag athrú de réir mhéid an fhostóra, agus ar an dóigh sin, costais iomarcacha nó ualach iomarcach a chur as an áireamh agus cearta bunúsacha á n-áirithiú ag an am céanna le haghaidh oibrithe. Cuireann an togra san áireamh an easpa sonraí crua maidir le hidirdhealú pá agus an cor chun donais eacnamaíoch mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Is é an idirghabháil atá beartaithe an t-íosmhéid is gá chun prionsabal an phá chomhionainn a fhorfheidhmiú ar fud na mBallstát.

**D. Iarobair**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an tionscnaimh d’fhonn measúnú a dhéanamh ar a mhéid a baineadh amach na cuspóirí beartais. Ba cheart **an mheastóireacht** sin a dhéanamh **8 mbliana** tar éis an spriocdháta chun an reachtaíocht a chur chun feidhme, b’fhéidir, i gcomhar le scaoileadh shonraí na bearna pá idir na hinscní (SES[2]) d’fhonn measúnú fóinteach ar chleachtais agus ar thionchair ar fud na mBallstát uile a éascú.

[2] *EU Structure of Earnings Survey* [Struchtúr an Aontais Eorpaigh um an Suirbhé ar Thuilleamh]